II

*(Gníomhartha neamhreachtacha)*

# CINNTÍ

## CINNEADH (AE) 2021/463 ÓN gCOMHAIRLE

**an 9 Márta 2021**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste Riaracháin arna bhunú ag an gCoinbhinsiún Custaim um iompar idirnáisiúnta earraí faoi chumhdach Carnets TIR, a mhéid a bhaineann leis na leasuithe ar an gCoinbhinsiún sin**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe an chéad fhomhír d'Airteagal 207(4) de, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rinneadh an Coinbhinsiún Custaim um iompar idirnáisiúnta earraí faoi chumhdach carnets TIR an 14 Samhain 1975 ("Coinbhinsiún TIR") a fhormheas thar ceann Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa le Rialachán (CEE) Uimh. 2112/78 [1] ón gComhairle agus tháinig sé i bhfeidhm, a mhéid a bhaineann leis an gComhphobal, an 20 Meitheamh 1983.

(2) Foilsíodh leagan comhdhlúite de Choinbhinsiún TIR mar Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2009/477/CE ón gComhairle [2]. Leis an gCinneadh sin, déantar foráil go bhfoilseoidh an Coimisiún leasuithe a dhéanfar amach anseo ar Choinbhinsiún TIR in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ina léireofar dáta a dteacht i bhfeidhm.

(3) De bhun Choinbhinsiún TIR, féadfaidh an Coiste Riaracháin arna bhunú ag Coinbhinsiún TIR (an "Coiste Riaracháin") leasuithe ar Choinbhinsiún TIR agus ar na hIarscríbhinní a ghabhann leis a ghlacadh ag tromlach dhá thrian dá chomhaltaí a bheidh i láthair agus i mbun vótála.

(4) An Coiste Riaracháin, le linn a 74ú seisiún an 9-12 Feabhra 2021 nó ag seisiún níos faide anonn, tá sé le roinnt leasuithe a ghlacadh ar na hIarscríbhinní a ghabhann le Coinbhinsiún TIR.

(5) D'fhonn an leasú a glacadh roimhe seo ar Airteagal 18 de Choinbhinsiún TIR a chur san áireamh, ar leasú é a mhéadaigh líon iomlán na n-oifigí custaim, a bhféadfadh baint a bheith acu le hoibríocht TIR, is gá Iarscríbhinn 1 a ghabhann le Coinbhinsiún TIR a leasú, agus leagan amach Leagan 1 agus Leagan 2 de shamhail Carnet TIR a nuashonrú.

(6) Maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste Riaracháin a mhéid a bhaineann leis na leasuithe ar Choinbhinsiún TIR, is iomchuí an seasamh sin a bhunú mar go mbeidh na leasuithe sin ceangailteach ar an Aontas.

(7) Dá bhrí sin, ba cheart an seasamh an Aontais sa Choiste Riaracháin a bheith bunaithe ar na dréachtleasuithe atá i gceangal leis an gCinneadh seo,

---

[1] Rialachán (CEE) Uimh. 2112/78 ón gComhairle an 25 Iúil 1978 maidir le tabhairt i gcrích an Choinbhinsiúin Custaim um iompar idirnáisiúnta earraí faoi chumhdach carnets TIR (Coinbhinsiún TIR) an 14 Samhain 1975 sa Ghinéiv (IO L 252, 14.9.1978, lch. 1).

[2] Cinneadh 2009/477/CE ón gComhairle an 28 Bealtaine 2009 lena bhfoilsítear i bhfoirm chomhdhlúite téacs an Choinbhinsiún Custaim um iompar idirnáisiúnta earraí faoi chumhdach carnets TIR (Coinbhinsiún TIR) an 14 Samhain 1975 arna leasú ón dáta sin (IO L 165, 26.6.2009, lch. 1).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste Riaracháin arna bhunú ag an gCoinbhinsiún Custaim um iompar idirnáisiúnta earraí faoi chumhdach carnets TIR, le linn a 74ú seisiún an 9-12 Feabhra 2021 nó ag seisiún níos faide anonn, a mhéid a bhaineann leis na leasuithe ar an gCoinbhinsiún sin, beidh sé bunaithe ar na dréachtleasuithe a ghabhann leis an gCinneadh seo ([3]).

Féadfaidh ionadaithe an Aontais sa Choiste Riaracháin teacht ar chomhaontú maidir le mionathruithe ar na dréachtleasuithe, gan cinneadh eile ón gComhairle.

*Airteagal 2*

Is é an Coimisiún a chuirfidh in iúl an seasamh dá dtagraítear in Airteagal 1. Ba cheart do Bhallstáit seasamh an Aontais a chur in iúl nuair a dhéanfar vótáil fhoirmiúil sa Choiste Riaracháin, ag gníomhú go comhpháirteach dóibh chun leas an Aontais.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 9 Márta 2021.

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
A. P. ZACARIAS

([3]) Féach doiciméad ST 6137/21 ar http://register.consilium.europa.eu